An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# PLEAN CUR CHUN FEIDHME EARNÁLA MAIDIR LE TÚS ÁITE DO LEANAÍ

Foilsithe i gcomhréir le halt 27 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Nollaig 2023

*Clár na nÁbhar*

**1. Réamhrá** ... 2

Seirbhísí arna gCur ar Fáil ag an Roinn agus ag Gníomhaireachtaí na Roinne: ... 2

Bearta maidir le Cumhdach Leanaí don Roinn: ... 2

Bearta maidir le Cumhdach Leanaí do Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí atá faoi shainchúram na Roinne: ... 3

**2. Bearta arna nglacadh chun comhlíonadh fhorálacha an Achta a chur chun cinn, a athbhreithniú agus a thuairisciú** ... 3

Grúpa Cur Chun Feidhme Idir-Rannach maidir le Tús Áite do Leanaí: ... 3

Coiste Earnála na Roinne maidir le Tús Áite do Leanaí: ... 3

Ráitis maidir le Leanaí a Chumhdach: ... 3

Oifigeach Caidrimh Ainmnithe: ... 4

Daoine Sainordaithe: ... 4

Oiliúint agus Múscailt Feasachta: ... 4

Nósanna Imeachta maidir le hEarcú/Grinnfhiosrúchán: ... 5

Tuairisciú a dhéanamh ar Chomhlíonadh Ghníomhaireachtaí/Chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne: ... 5

**AGUISÍN 1** ... 6

**Léargas ar Sheirbhísí á gcur ar fáil do Leanaí ag Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí faoi shainchúram na Roinne** ... 6

## 1. Réamhrá

Tháinig feidhm le halt 27 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, (arna leasú) an 11 Nollaig 2017 agus leis an alt sin, éilítear ar gach Aire Rialtais Plean Cur Chun Feidhme Earnála a ullmhú agus a fhoilsiú. Leagtar amach sa Phlean Cur Chun Feidhme Earnála clár beart lena chinntiú go bhfuil Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (R/TCEGSM), ag cloí le forálacha an Achta agus leis na Treoirlínte Náisiúnta ábhartha.

Seirbhísí arna gCur ar Fáil ag an Roinn agus ag Gníomhaireachtaí na Roinne:

Is é misean na Roinne "forbairt inbhuanaithe na Turasóireachta, na Meán agus na Gaeltachta a stiúradh agus rannpháirtíocht i gCultúr, sna hEalaíona, sa Spórt agus sa Ghaeilge a chur chun cinn, ag tacú le dul chun cinn sóisialta, agus ag cur le fás cultúir agus eacnamaíoch ar fud shochaí na hÉireann".

Déanann an Roinn maoirseacht ar chosaint, forbairt agus cur i láthair oidhreacht cultúir shaibhir na hÉireann lena n-áirítear cinn scríbe turasóireachta na hÉireann, na healaíona agus cultúr, an teanga, spórt, na pobail Ghaeltachta uathúla agus na hearnálacha craoltóireachta agus meán. Áirítear ar phríomhfheidhmeanna na Roinne agus ar na Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí a thagann faoi shainchúram na Roinne:

- Cúrsaí Ealaíon, Cultúir, Scannánaíochta agus Ceoil, chomh maith le maoirseacht i ndáil le forais chultúir na hÉireann;
- an Ghaeilge, an Ghaeltacht;
- Comhoibriú Thuaidh/Theas chomh mór agus a bhaineann le Turasóireacht Éireann, an Foras Teanga agus feidhmeanna forghinearálta na Roinne;
- Inmharthanacht agus forbairt bhreise an Tionscail Turasóireachta a chinntiú;
- Fónamh do phobal níos sláintiúla agus níos gníomhaí trí rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt a chur chun cinn, treisiú le beartaíocht ardfheidhme agus áiseanna a chur ar fáil do gach duine;
- Beartas craoltóireachta agus meán a fhorbairt, lena n-áirítear reachtaíocht i ndáil le sábháilteacht ar líne agus as maoirseacht a dhéanamh ar Coimisiún na Meán, ar RTÉ agus ar TG4.

Leagtar amach in Aguisín 1 sonraí na nGníomhaireachtaí/na gComhlachtaí, atá faoi sainchúram na Roinne, agus na ról a bhaineann leis baint amach an mhisin thuas agus na gcuspóirí straitéiseacha.

Bearta maidir le Cumhdach Leanaí don Roinn:

Sa chás go ndéanann ball foirne de chuid na Roinne caidreamh le leanbh, amhail Leanaí atá ar thaithí oibre sa Roinn (e.g. Daltaí na hIdirbhliana agus Oifigigh Chléireachais Shealadacha) a d'fhéadfadh a bheith faoi bhun 18 mbliana d'aois, tugtar aghaidh ar na caidrimh sin i Ráiteas

na Roinne maidir le Leanaí a Chumhdach. Is féidir teacht ar pholasaí na Roinne maidir le Cosaint Leanaí agus ar cháipéisí an Ráitis maidir le Leanaí a Chumhdach ar láithreán gréasáin na Roinne (Féach nasc thíos).

Bearta maidir le Cumhdach Leanaí do Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí atá faoi shainchúram na Roinne:

Cuireadh Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí atá faoi shainchúram na Roinne (féach Aguisín 1) ar an eolas faoina n-oibleagáidí agus a riachtanais faoin Acht agus na Treoirlínte Náisiúnta. Iarrtar ar gach Gníomhaireacht/Comhlacht bearta cuí a chur i bhfeidhm chun leas Leanaí a chosaint i gcomhréir leis an Acht agus leis an Treoir. Cé go bhféadfadh sé tarlú nach mbeadh roinnt Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí ag cur seirbhísí ábhartha ar fáil go díreach, mar a shonraítear faoin Acht, d'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh leanaí, agus an pobal i gcoitinne, in ann teacht ar chuid seirbhísí. Bíonn an Roinn i dteagmháil le gach Gníomhaireacht/Comhlacht atá faoina sainchúram, agus iarrtar orthu leanúint de bhearta maidir le cumhdach leanaí a bheith i bhfeidhm acu do gach leanbh a d'fhéadfadh rochtain a fháil ar sheirbhísí na Roinne agus sa chás go bhféadfadh Gníomhaireacht/Comhlacht cláir oiliúna nó intéirneachtaí ar bith a chur ar fáil do leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois.

## 2. Bearta arna nglacadh chun comhlíonadh fhorálacha an Achta a chur chun cinn, a athbhreithniú agus a thuairisciú

Grúpa Cur Chun Feidhme Idir-Rannach maidir le Tús Áite do Leanaí:

Tá ionadaíocht ag an Roinn ar an nGrúpa Cur Chun Feidhme Idir-Rannach maidir le Tús Áite do Leanaí, grúpa a bhunaigh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige faoi chuid 4 den Acht.

Coiste Earnála na Roinne maidir le Tús Áite do Leanaí:

Bhunaigh an Roinn Coiste Earnála maidir le Tús Áite do Leanaí chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus chun aon athrú a dhéantar ar shocruithe mar sin a mheasfaí a bheith riachtanach a aontú.

Ráitis maidir le Leanaí a Chumhdach:

Faoin Acht, ní mór d'aon eagraíocht a chuireann seirbhísí ábhartha ar fáil do leanaí Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach a fhorbairt. Déantar cur síos sa ráiteas sin ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil chomh maith leis na prionsabail agus na nósanna imeachta atá le scrúdú lena chinntiú, a oiread agus is praiticiúil, go bhfuil leanbh a mbaineann leas as na seirbhísí sin sábháilte ó dhíobháil. Tá Ráiteas na Roinne maidir le Leanaí a Chumhdach ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne (féach an nasc thíos).

Oifigeach Caidrimh Ainmnithe:

Cheap an Roinn, i gcomhréir leis an Treoir Náisiúnta, beirt Oifigeach Caidrimh Ainmnithe (duine amháin acu le bheith ina chainteoir Gaeilge) agus 2 Leasoifigeach Caidrimh Ainmnithe (duine amháin acu le bheith ina chainteoir Gaeilge). Is iad na hOifigigh Chaidrimh Ainmnithe agus na Leasoifigigh Chaidrimh Ainmnithe atá ina bpríomhtheagmhálaithe chun eolas agus comhairle a chur ar fáil maidir le hábhar buartha ar leith a bhaineann le cumhdach leanaí. Ina theannta sin, tá siad freagrach as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta tuairiscithe laistigh den Roinn, ionas go gcuirfear ábhar buartha maidir le leas linbh nó cosaint linbh ar aghaidh go pras chuig Tusla. Is é an tOifigeach Caidrimh Ainmnithe atá freagrach as taifid a choinneáil ar gach tuairisc chuig Tusla. Coinneoidh an tOifigeach Caidrimh Ainmnithe tuairiscí freisin, sa chás nach bhfuil an tsaincheist ag cloí ar dtús le forais réasúnta maidir le hábhar buartha.

Is iad seo a leanas Oifigigh Ainmnithe na Roinne:-

- Sylvia Shannon
  Sylvia.Shannon@tcagsm.gov.ie

- Sharon Ó Ceallaigh
  Sharon.kelly@tcagsm.gov.ie

(https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-tourism-culture-arts-gaeltacht-sport-and-media/)

Daoine Sainordaithe:

Leis an Acht, ceaptar gairmithe áirithe agus daoine eile i ngairmeacha sonraithe (mar atá rangaithe i Sceideal 2 den Acht) mar 'dhaoine sainordaithe' a bhfuil iallach orthu tuairiscí a chur ar fáil do Tusla maidir le cásanna áirithe atá leagtha amach agus cuidiú le measúnuithe Tusla arna iarraidh sin orthu. Tá sé seo difriúil agus sa bhreis ar dhea-chleachtas maidir le socruithe tuairiscithe d'eagraíochtaí (trí na hOifigigh Chaidrimh Ainmnithe) faoin Treoir Náisiúnta go ginearálta. Coinneoidh an tAonad AD taifead ar aon duine sainordaithe laistigh den Roinn agus cuirfear aon iontrálaithe nua, ar daoine sainordaithe iad, ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá orthu faoin Acht.

Oiliúint agus Múscailt Feasachta:

Cuireadh gach ball foirne ar an eolas faoin seoladh gréasáin oiliúna ríomhFhoghlama (arna chur ar fáil ag Tusla) agus moltar do gach ball foirne, mar chuid den dea-chleachtas, tabhairt faoin oiliúint ar mhaithe le leanaí a chumhdach.

Tá *Plean Cur Chun Feidhme Earnála* na Roinne agus *Ráiteas na Roinne maidir le Leanaí a Chumhdach* lárnach i dtaobh feasacht a mhúscailt i measc baill foirne maidir leis na hOifigigh Chaidrimh Ainmnithe, na nósanna imeachta ar cheart dóibh leanúint sa chás go bhfuil imní

orthu faoi leas leanaí, ar a bhfuil caidreamh acu i soláthar sheirbhísí na Roinne, agus na hoibleagáidí atá orthu chun na hábhair buartha atá acu a thuairisciú.

Nósanna Imeachta maidir le hEarcú/Grinnfhiosrúchán:

Déantar grinnfhiosrúchan ar gach iarratasóir ar éirigh leo post a fháil sa Státseirbhís trí phróiseas arna oibriú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tá na hoifigigh atá ann faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

Tuairisciú a dhéanamh ar Chomhlíonadh Ghníomhaireachtaí/Chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne:

Cuireadh gach Gníomhaireacht/Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá orthu faoin Acht, lena n-áirítear na riachtanais maidir leis na nithe seo a leanas:

- Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach a fhorbairt;
- Daoine Sainordaithe a aithint;
- A chinntiú go gcuireann gach duine sainordaithe an oiliúint i gcrích agus
- Treoirlínte maidir le nósanna imeachta agus polasaí a fhorbairt.

Déanann gach Gníomhaireacht/Comhlacht tuairisciú chuig an Roinn gach bliain ar mar atá siad ag comhlíonadh Tús Áite do Leanaí mar chuid den rialachas corparáideach/socruithe dearbhaithe ar an iomlán.

Tugann an tábla in Aguisín 1 léargas ar na cineálacha seirbhísí atá á gcur ar fáil go díreach nó go hindíreach do pháistí ag Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí faoi shainchúram na Roinne. Tá ainmneacha na n-oifigeach ainmnithe do Ghníomhaireachtaí/Comhlachtaí na Roinne le fáil ann freisin. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi na seirbhísí a chuireann Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí ar fáil, féach ar an tsuíomh idirlín.

# AGUISÍN 1

## Léargas ar Sheirbhísí á gcur ar fáil do Leanaí ag Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí faoi shainchúram na Roinne

| **Gníomhaireacht/ Comhlacht** | **Léargas ar sheirbhís á cur ar fáil do Leanaí ag Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí faoi shainchúram R/TCEGSM** | **Seoladh gréasáin do Ghníomhaireachtaí/ Comhlachtaí** | **Oifigigh Ainmnithe** |
|---|---|---|---|
| An Chomhairle Ealaíon | Cé nach gcuireann an Chomhairle Ealaíon seirbhísí díreacha ar fáil do leanaí, féach naisc go heagraíochtaí oideachasúla arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon. https://www.artscouncil.ie/Arts-in-Ireland/Young-people--children-and-education/Links/ | https://www.artscouncil.ie/home/ | Liz Meaney liz.meaney@artscouncil.ie |
| Chester Beatty | Cuireann saoréascaitheoirí ceardlanna ar fáil don phobal agus cuireann Oifigeach Oideachais Chester Beatty agus saorálaithe turais threoraithe ar fáil do scoileanna mar pháirt de chlár poiblí an mhúsaeim. | https://chesterbeatty.ie/ | Jenny Siung jsiung@cbl.ie |
| Fáilte Éireann | Is féidir le leanaí páirt a ghlacadh i gcláir oiliúna nó cláir ghairmeacha turasóireachta in Oifigí Turasóireachta | https://www.failteireland.ie/ | Deborah Nolan Deborah.Nolan@failteireland.ie |
| Turasóireacht Éireann | Socrúcháin Oibre Mhic Léinn Idirbhliana. | https://www.tourismireland.com/ | Lynda Quinn LQuinn@tourismireland.com |
| Gailearaí Ealaíne Crawford | Cuireann an Gailearaí deiseanna foghlama ar fáil do dhaoine óga, cé acu má tá siad ag tabhairt cuairte le teaghlach agus cairde nó mar pháirt de ghrúpa eagraithe, nó má tá siad ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí Gailearaí lasmuigh den láthair nó ar líne. | https://crawfordartgallery.ie/ | Anne Boddaert anneboddaert@crawfordartgallery.ie |
| Foras na Gaeilge | Déanann grúpaí atá á maoiniú ag Foras na Gaeilge an mhórchuid den obair le daoine óga. | https://www.forasnagaeilge.ie/?lang=en | Seosamh Ó Coinne (Baile Átha Cliath) socoinne@forasnagaeilge.ie<br>Nuala Ní Scolláin (Béal Feirste) nniscollain@forasnagaeilge.ie |
| Spórt Éireann | Tugann Spórt Éireann maoiniú do Choistí Náisiúnta Rialaithe a chuireann deiseanna spóirt ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga. D'fhéadfadh Spórt Éireann dul i gcomhar le leanaí agus daoine óga le haghaidh feachtas margaíochta/meán, grúpaí fócais nó seisiúin chomhairliúcháin. | https://www.sportireland.ie/ | Michael Collins mcollins@sportireland.ie |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | Déanann an Áras ceardlanna do ghrúpaí teaghlaigh agus do leanaí. | https://imma.ie/ | Sheena Barrett sheena.barrett@imma.ie |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Ceoláras Náisiúnta | Clár imeachtaí Foghlama & Rannpháirtíochta (léiriúcháin, ceardlanna etc.), Cóir an Cheolárais Náisiúnta (Cór na nÓg, Cór Linn). | https://www.nch.ie/Online/default.asp | Aidan Quinn<br>Aidan.quinn@nch.ie |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | Turais phoiblí agus scoile, ceardlanna (laistigh agus lasmuigh den láthair, ar líne), taithí oibre Idirbhliana, Zurich Young Portrait Prize. | https://www.nationalgallery.ie/ | Joanne Drum<br>Joanne.Drum@ngi.ie |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | Turais threoraithe ar thaispeántais na leabharlainne do ghrúpaí bunscoile agus iarbhunscoile; | https://www.nli.ie/ | Bríd O'Sullivan,<br>bosullivan@nli.ie |
| Ard-Mhúsaem na hÉireann | Cuireann Roinn Oideachais AMÉ cláir ar fáil do Scoileanna agus don Phobal. | https://www.museum.ie/en-ie/home | Anne McNeely<br>amcneely@museum.ie<br>Helen McInerny<br>hmcinerny@museum.ie |
| Gníomhaireacht na hUltaise | Seachadadh clár oideachasúil agus maoiniú do scoileanna agus earnáil an phobail. | https://ulsterscotsagency.com/ | Jane Barr<br>jbarr@ulsterscotsagency.org.uk<br>Gary Blair<br>gblair@ulsterscotsagency.org.uk |
| Fís Éireann | Teagmháil leis an bpobal trí na seirbhísí/tacaíochtaí a chuireann sé ar fáil d'eagraíochtaí. | https://www.screenireland.ie/ | Grace Gannon<br>grace.gannon@screenireland.ie |
| TG4 | Ábhar meán a chruthú chomh maith le hobair oiliúna, phoiblíochta agus chumarsáide. | https://www.tg4.ie/en/ | Trevor Ó Clochartaigh<br>trevor.o.clochartaigh@tg4.ie |
| RTÉ | Cláir do Dhaoine Óga (Teilifís, Raidió, Podchraoladh, srl.) Ábhar ar líne, turais scoile, agus Clár Rochtana na hIdirbhliana. | https://www.rte.ie/ | Colm Byrne<br>Colm.byrne@rte.ie<br>Angela McEvoy<br>Angela.mcevoy@rte.ie |
| Coimisiún na Meán – | Is comhlacht poiblí nua é Coimisiún na Meán a bunaíodh ar an 15ú Márta 2023, agus de réir mar a leatar amach feidhmeanna agus cumhachtaí an Choimisiúin, tiocfaidh méadú ar theagmháil le leanaí. | https://www.cnam.ie/ | Declan McLoughlin<br>dmcloughlin@cnam.ie |
| Údarás na Gaeltachta | Socrúcháin oibre thréimhsiúla do mhic léinn idirbhliana agus mic léinn tríú-leibhéal ar shocrúcháin oibre faoi aois 18 agus an chomhpháirtíocht atá déanta ag Údarás na Gaeltachta le Junior Achievement Ireland chun fiontraíocht a spreagadh i measc mac léinn iarbhunscoile agus bunscoile. | https://udaras.ie/en/ | Pádraicín Bheilbigh<br>p.bheilbigh@udaras.ie |